



An Coimisiún
Eorpach

Freagairt an Choimisiúin ar

STOP FINNING – STOP THE TRADE

(Cuir deireadh le Teascadh Eití – Cuir deireadh leis
an trádáil) Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

#EUTakeTheInitiative
#EUGreenDeal #OceanEU



An Tionscnamh
Eorpach ó na
Saoránaigh

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a n-éiríonn leo líon na ráiteas tacaíochta a bhaint amach a theastaíonn chun freagra a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Seo an 8^ú tionscnamh rathúil ó na saoránaigh. Chonacthas reachtaíocht nua mar thoradh ar thionscnaimh áirithe, agus torthaí ciallmhara eile ar thionscnaimh eile. Tógadh líonraí mar gheall ar shaincheisteanna i ngach cás, agus tá feachtas tar éis dul i méid i measc na saoránach agus lucht déanta beartais.


SPRIOC NA nEAGRAITHE

Deireadh a chur le trádáil eití siorca san Aontas, Rialachán (AE) Uimh 605/2013 a leathnú lena gcuirtear toirmeasc ar theascadh eití siorca, chun toirmeasc a chur, leis, le **hallmhairiú, onnmhairiú agus iompar eití siorca scaoilte**.


RANPHÁIRTÍOCHT

1,119,996 síniú ó 27 Ballstát AE


PRÍOMHFHÍRÍ



Ciallaíonn teascadh eití siorca go mbaintear eití siorca ar bord soitheach iascaireachta, agus go n-aischuirtear fúlleach an tsiorca san fharraige nuair a d'fhéadfadh sé a bheith beo i gcónaí.



Measadh sa mheasúnú domhanda is déanaí den IUCN Red List of Threatened Species™ go bhfuil **os cionn 1/3 de speicis siorca i mbaol a ndíothaithe** (i.e. a mheastar a bheith i mbaol go criticiúil, i mbaol, nó leochaileach).



In 2021, ba é **EUR 16 an kg** an meánphraghas ar onnmhairí eití siorca agus ba é **EUR 1.43 an kg** an meánphraghas ar fheoil siorca.

Gnóthaí Muirí
agus Iascaigh

AN REACHTAÍOCHT REATHA

Ba é an tAontas Eorpach an chéad dream a mheas, in 2003, gur cleachtas do-ghlactha é teascadh eití siorca. Faoin “Rialachán maidir le Teascadh Eití Siorcanna” ([Rialachán \(AE\) Uimh 605/2013](#)), tá dianchosc ar eití a bhaint de shiorcanna ar bord gach soithigh a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais agus i ngach áit eile i gcás soithí atá faoi bhratach Ballstáit den Aontas. Tá toirmeasc freisin ar eití siorcanna a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Ciallaíonn sé sin nach féidir eití a bhaint ach tar éis iad a thabhairt i dtír.

FREAGRA AR AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Geallann an Coimisiún:

- Tús a chur le hobair ullmhúcháin gan mhoill d’fhonn measúnú tionchair a sheoladh, faoi dheireadh 2023, ar na **hiarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an mbeartas “siorcanna agus na heití orthu ó nádúr” a chur i bhfeidhm** maidir le siorcanna a chur ar mhargadh AE, cibé acu laistigh den Aontas Eorpach nó don trádáil idirnáisiúnta (allmhairí agus onnmhairí).
- Faoi dheireadh 2024, tuilleadh faisnéis mhionsonraithe faoi **allmhairí agus onnmhairí AE a chur ar fáil chun staitisticí ar an trádáil i dtáirgí siorca a fheabhsú.**
- Bearta inrianaitheachta AE atá láidir cheana féin a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr** trí fhorghníomhú dhlí AE a bhaineann leis an slabhra luacha iomlán a neartú - iascaireacht ar muir a rialú, inrianaitheacht iomlán táirgí siorcanna ó thabhairt i dtír go dtí an tomhaltóir, faisnéis do thomhaltóirí, agus cosc agus sásamh ar thrádáil mhídhleathach - agus a áirithiú go mbaileoidh iascairí agus údaráis na mBallstát faisnéis iomlán agus iontaofa maidir leis na gnéithe sin go léir.
- Gníomhaíocht idirnáisiúnta AE a mhéadú:** tathantaigh ar son cosc domhanda ar theascadh eití siorca agus cur chun feidhme éifeachtach beart caomhnaithe agus bainistíochta do speicis siorcanna a neartú; **spregadh a thabhairt do laghdú an éilimh ar eití siorca;** agus **troid i gcoinne gáinneála eití siorca.**

AMLÍNE

- Eanáir 2020** Cláraítear an tionscnamh agus tosaítear ar thacaíocht a bhailiú (a leathnaíodh go 2 bhliain, mar gheall ar phaindéim COVID-19)
- Eanáir 2023** Cuirtear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin
- Feabhra 2023** Bíonn cruinniú ag eagraithe an tionscnaimh leis an gCoimisinéir um an gComhshaoil, um na hAigéin agus um an Iascach Virginijus Sinkevičius
- Márta 2023** Tionóltar éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa
- Iúil 2023** Tugann an Coimisiún freagra oifigiúil

An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh - uirlis chun do chuid smaointe a chur chun cinn ar fud an Aontais
#EUTakeTheInitiative
<https://europa.eu/citizens-initiative/> ga

Lean nuashonruithe ón tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh anseo:
https://europa.eu/citizens-initiative/news_ga

Léigh na Scéalta Ratha mionsonraithe san Fóram ECI anseo:
https://europa.eu/citizens-initiative-forum/success-stories_ga

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023 © Aontas Eorpach, 2023.

Údaraítear athúsáid ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse agus nach ndéantar brí bhunaidh nó teachtaireacht bhunaidh an doiciméid a shaobhadh. Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmharta a eascroidh as an athúsáid. Tá beartas athúsáide dhoiciméid an Aontais Eorpaigh arna chur i bhfeidhm ag [Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin \(IO L 330, 14.12.2011, lch. 39\)](#).

PDF ISBN 978-92-68-05144-3
PRIONTÁIL ISBN 978-92-68-05124-5

doi:10.2792/150868
doi:10.2792/428534

KA-03-23-345-GA-N
KA-03-23-345-GA-C



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh